Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Nollaig 2024**
**(OR. en)**

**17000/24**

**ECOFIN 1509**
**FIN 1134**
**UEM 486**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Tuarascálacha Speisialta Uimh. 13/2024, 14/2024 agus 22/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 17 Nollaig 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le tuarascálacha speisialta Uimh. 13/2024, Uimh. 14/2024 agus Uimh. 22/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, a formheasadh ag an gcruinniú den Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) an 17 Nollaig 2024.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le tuarascálacha speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa**

**Uimh. 13/2024 'Ionsú cistí ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta – Dul chun cinn á dhéanamh, le moilleanna, agus rioscaí fós ann maidir le bearta a chur i gcrích agus, dá bhrí sin, maidir le cuspóirí STA a bhaint amach',**

**Uimh. 14/2024 'An tAistriú Glas – Doiléire faoin rannchuidiú ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta', agus**

**Uimh. 22/2024 'Cistiú dúbailte ó bhuiséad an Aontais – Níl eilimintí bunriachtanacha sna córais rialaithe trína ndéanfaí an riosca méadaithe a eascraíonn as samhail maoiniúcháin RRF nach bhfuil nasctha le costais a mhaolú'**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa tuarascálacha speisialta Uimh. 13/2024, 14/2024 agus 22/2024 (dá ngairtear 'an Chúirt' anseo feasta). MEABHRAÍTEAR DI go mbronnann na Conarthaí ar an gCúirt scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais uile an Aontais agus LEAGANN SÍ BÉIM ar ról na Cúirte maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cumhdaíodh in iniúchadh na Cúirte a chomhfhreagraíonn do thuarascáil speisialta Uimh. 13/2024 an tréimhse ó mhí Feabhra 2021 go dtí deireadh 2023 agus gur scrúdaíodh dearadh agus cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) chun measúnú a dhéanamh ar an méid seo a leanas: (1) staid an dul chun cinn maidir le heisíocaíocht chistí STA; (2) na gníomhaíochtaí a rinne na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go raibh na cistí á n-ionsú mar a bhí beartaithe; agus (3) na dúshláin a bhaineann le hionsú agus tabhairt chun críche na mbeart sa dara leath de chur chun feidhme STA.

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, ina theannta sin, gur cumhdaíodh in iniúchadh na Cúirte a chomhfhreagraíonn do thuarascáil speisialta Uimh. 14/2024 an tréimhse ó mhí Feabhra 2021 go dtí mí Feabhra 2024 agus gur measúnaíodh an rannchuidíonn dearadh agus cur chun feidhme STA agus na bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta (RRPanna) go héifeachtach leis an aistriú glas.

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cumhdaíodh in iniúchadh na Cúirte a chomhfhreagraíonn do thuarascáil speisialta Uimh. 22/2024, tréimhsí 2014-2020 agus 2021-2027, le haghaidh cistiú comhtháthaithe agus na Saoráide um Chónascadh na hEorpa, chomh maith le comhpháirt deontais STA, ó mhí Feabhra 2021 go dtí mí Feabhra 2024, agus gur scrúdaigh an Chúirt an méid seo a leanas: (1) an raibh coincheap an chistithe dhúbailte sainithe go soiléir sa chreat dlíthiúil atá ann maidir leis an tsamhail do mhaoiniú STA nach bhfuil nasctha le costais; (2) an raibh socruithe leordhóthanacha curtha ar bun agus curtha chun feidhme ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit arb é is aidhm dóibh cistiú dúbailte a sheachaint; (3) an raibh córais leormhaithe curtha ar bun agus curtha chun feidhme ag na Ballstáit chun cistiú dúbailte a bhrath agus a cheartú; (4) an raibh córais stóinseacha i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun dearbhú réasúnach a thabhairt nach bhfuil cistiú dúbailte ag tarlú.

5. AG CUR SAN ÁIREAMH cinntí agus moltaí na Cúirte sna tuarascálacha speisialta sin.

6. MEABHRAÍTEAR DI go gceanglaítear ar na Ballstáit, le dearadh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, garspriocanna agus spriocanna a chomhlíonadh sula gcuirfear gach iarraidh ar íocaíocht isteach. CUIREANN SÍ I bhFIOS, dá bhrí sin, nach léirítear go hiomlán sna dátaí a bheidh iarrataí ar íocaíocht le cur isteach an dul chun cinn atá déanta maidir leis na RRPanna a chur chun feidhme. TUGANN SÍ DÁ hAIRE teacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/435[1] an 1 Márta 2023, arb é is aidhm dó tacú le hinfheistíochtaí agus athchóirithe atá tiomnaithe do sholáthairtí fuinnimh a éagsúlú agus athléimneacht, slándáil agus inbhuanaitheacht chóras fuinnimh an Aontais a mhéadú, rud a d'fhág gur modhnaíodh Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta fhormhór na mBallstát le linn 2023 chun caibidlí maidir le REPowerEU a chur san áireamh. TUGANN SÍ FAOI DEARA gur cuireadh dlús le heisíocaíochtaí chistí na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta leis na Ballstáit tar éis na hathbhreithnithe sin a thabhairt chun críche, cé go bhfuil dul chun cinn éagsúil déanta sna Ballstáit.

7. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur ionstraim fheidhmíochtbhunaithe í an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, ina bhfuil íocaíochtaí nasctha le comhlíonadh sásúil garspriocanna agus spriocanna agus nach bhfuil nasctha le costais iarbhír. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS, dá bhrí sin, nach ndéantar, le Rialachán (AE) 2021/241 ('Rialachán STA')[2], íocaíochtaí a chur faoi réir rialuithe ar na costais arna dtabhú iarbhír ag na Ballstáit ná ag faighteoirí deiridh ná nach ndéantar foráil ann maidir le hathbhreithniú *ex post* ar na costais arna dtabhú.

---

[1] Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE.

[2] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

8. AITHNÍONN SÍ na freagraí ón gCoimisiún ar thorthaí agus ar mholtaí na Cúirte agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE tuairim an Choimisiúin go dtéann roinnt de na moltaí sin thar fhorálacha an Rialacháin maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá an comhar idir na hinstitiúidí chun comhthuiscint a bhaint amach ar an gcreat dlíthiúil chun cur chun feidhme a éascú.

9. MEASANN SÍ go dtugtar léargais úsáideacha i gconclúidí agus i moltaí na Cúirte maidir le ceapadh na n-ionstraimí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. TÁ SÍ DEN TUAIRIM, áfach, nár cheart go ndéanfadh na conclúidí agus na moltaí sin réamhbhreith ar an bplé a dhéanfar amach anseo maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile.

10. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an t-ualach mór riaracháin a bhaineann le cur chun feidhme na Saoráide do na Ballstáit. Molann sí don Choimisiún leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus treoir a thabhairt do na Ballstáit, i gcás inar gá, chun aghaidh a thabhairt ar aon éiginnteacht atá fós ann. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, leanúint de bhealaí nithiúla a shainaithint chun an próiseas tuairiscithe a chuíchóiriú, an dúbailt a sheachaint agus an obair riaracháin a bhaineann le cur chun feidhme na hionstraime a laghdú, faoi chuimsiú Rialachán 2021/241, agus cosaint leordhóthanach leasanna airgeadais an Aontais á háirithiú ag an am céanna.

11. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé díriú ar RRPanna náisiúnta na mBallstát agus caibidlí REPowerEU iontu a chur chun feidhme go pras i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil atá ann cheana.